NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Suim agat i bhforbairt an churaclaim?

Tá an CNCM ag lorg beirte chun obair a dhéanamh mar bhaill de **Ghrúpa Forbartha Eolaíocht Talmhaíochta na hArdteistiméireachta** nua. Beidh ról lárnach ag an ngrúpa forbartha seo a thosóidh i mí Dheireadh Fómhair 2014 i dtaca le sonraíocht nua a fhorbairt le haghaidh Eolaíocht Talmhaíochta AT.

Comhthéacs

Tugann an CNCM treoir don Aire Oideachas agus Scileanna ar churaclam agus ar mheasúnú don oideachas luath-óige, do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Mar chuid den leasú is ginearálta ar ábhair eolaíochta ag an tsraith shinsearach, tá sonraíocht nua don Eolaíocht Talmhaíochta á forbairt. Áireofar ar bhaill an ghrúpa fhorbartha ainmnithigh ó na páirtithe oideachais, ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus príomháisíneachtaí oideachais eile. D'fhonn teacht ar shaineolas breise, tá an CNCM ag lorg foirmeacha léiriú suime ó dhaoine aonair ar mhaith leo cur leis an obair ar an tsonraíocht don Eolaíocht Talmhaíochta AT nua.

Saineolas agus oilteacht

D'fhéadfadh daoine ar spéis leo é ceann nó níos mó de na tréithe seo a leanas a thairiscint:

- taithí ar chleachtas nuálach seomra ranga in oideachas eolaíocht talmhaíochta
- baint le taighde i réimsí atá gaolmhar nó bainteach le hoideachas eolaíocht talmhaíochta
- taithí ar bheith ag obair le torthaí foghlama
- eolas ar chleachtais mheasúnaithe, go háirithe i réimse na hoibre praiticiúla nó na scileanna próiseála san eolaíocht.

Más múinteoir nó taighdeoir tú, agus go speisialta má tá tú ag tosú amach i do ghairm, nó má oibríonn tú lasmuigh d'earnáil an oideachais fhoirmiúil, bheadh suim ar leith ag an gComhairle cloisteáil uait.

Tá sé de rún ag an gComhairle a cuid oibre ar an dréachtsonraíocht bheith críochnaithe faoi dheireadh 2015, le haghaidh comhairliúcháin 2016. Tacóidh an Grúpa Forbartha leis an obair seo trí shraith de chruinnithe lae. Meastar sa tréimhse roimh an tasc a chríochnú, go mbeidh 6 nó 7 de na cruinnithe sin ar siúl.

Iarratas

Comhlánaítear an fhoirm 'léiriú spéise' ar líne roimh **31/10/14.** Líonfar dhá áit sa ghrúpa forbartha tríd an bpróiseas sin.

Breis eolais

Féach ar ár suiomhgreasáin le haghaidh tuilleadh eolais ar fhorbairtí sa tsraith shinsearach go ginearálta. Foilseofar Doiciméad Eolais don Eolaíocht Talmhaíochta AT i Samhain 2014.

Is féidir freisin gur spéis leat breathnú ar Phlean Straitéiseach 2012-2015 CNCM ag http://www.ncca.ie/en/About_Us/Strategic_Plan/.